C/2026/4979

23.9.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/2137 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2138 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin

(C/2026/4979)

Dírítear aird **Abdul Baqi Basir Awal Shah (ar a dtugtar freisin (a) Abdul Baqi (b) Abdul Baqi Haqqani)** ar an bhfaisnéis seo a leanas; **Hamidullah Akhund Sher Mohammad (ar a dtugtar freisin (a) Janat Gul (b) Hamidullah Akhund (c) Saeed Hamidullah (d) Sher Mohammad); Mohammad Hassan Akhund; Mohammad Essa Akhund (ar a dtugtar freisin Mohammad Eisa Sani); Azizirahman Abdul Ahad (ar a dtugtar freisin Azizurahman Abdul Ahad); Abdul Ghani Baradar Abdul Ahmad Turk (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Baradar Akhund, (b) Abdul Ghani Baradar); Din Mohammad Hanif (ar a dtugtar freisin (a) Qari Din Mohammad, (b) Iadena Mohammad (c) Iadenamohammad Nazri Mohammad); Khalil Ahmed Haqqani (ar a dtugtar freisin (a) Khalil Al-Rahman Haqqani, (b) Khalil ur Rahman Haqqani, (c) Khaleel Haqqani); Sirajuddin Jallaloudine Haqqani (ar a dtugtar freisin (a) Siraj Haqqani (b) Serajuddin Haqani (c) Siraj Haqani (d) Saraj Haqani (e) Abdul Satar Abdullah); Najibullah Haqqani Hidayatullah (ar a dtugtar freisin (a) Najibullah Haqani (b) Najeebullah Hayat); Gul Agha Ishakzai (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Gul Agha, (b) Mullah Gul Agha Akhund (c) Hidayatullah Badri d) Hedayatullah Hedayat e) Hedayatullah Badri); Qudratullah Jamal (dar comhainm Haji Sahib); Khairullah Khairkhwah (ar a dtugtar freisin (a) Mullah Khairullah Khairkhwah, (b) Khirullah Said Wali Khairkhwa (c) Khirullah Khairkhwa); Abdul Latif Mansur (ar a dtugtar freisin (a) Abdul Latif Mansoor, (b) Wali Mohammad); Fazl Mohammad Mazloom (ar a dtugtar freisin (a) Molah Fazl, (b) Fazel Mohammad Mazloom (c) Mohammas Fadel Aakhund); Abdul Kabir Mohammad Jan (ar a dtugtar freisin (a) A. Kabir (b) Abdul Kabir Muhammad Jan); Amir Khan Motaqi (ar a dtugtar freisin a) Amir Khan Muttaqi b) Amir Khan Mutaqi); Hamdullah Nomani (ar a dtugtar freisin (a) Hamdullah Numani); Nooruddin Turabi Muhammad Qasim (ar a dtugtar freisin (a) Noor ud Din Turabi, (b) Mullah Noordin Torabi); Abdul Salam Hanafi Ali Mardan Qul (ar a dtugtar freisin (a) Abdussalam Hanifi, (b) Hanafi Saheb (c) Abdul Salam Hanafi; Noor Mohammad Saqib (ar a dtugtar freisin: (a) Noor Mohammed Saqeb); Abdul-Haq Wassiq (ar a dtugtar freisin: (a) Abdul-Haq Wasseq, (b) Abdul Haq Wasiq (c) Abdul Haq Waseeq); Malik Noorzai (ar a dtugtar freisin: (a) Hajji Malik Noorzai, (b) Hajji Malak Noorzai, (c) Haji Malek Noorzai, (d) Haji Maluk, (e) Haji Aminullah, (f) Allah Muhammad); Ahmad Zia Agha (ar a dtugtar freisin (a) Zia Agha, (b) Noor Ahmad, (c) Noor Ahmed, (d) Sia Agha Sayeed (e) Noor Ahmad Agha); Abdul Rauf Zakir (ar a dtugtar freisin Qari Zakir); agus Haji Khairullah Haji Sattar money exchange (ar a dtugtar freisin (a) Haji Khairullah-Haji Sattar Sarafi, (b) Haji Khairullah and Abdul Sattar and Company, (c) Haji Khairullah Money Exchange, (d) Haji Khair Ullah Money Service, (e) Haji Salam Hawala, (f) Haji Hakim Hawala, (g) Haji Alim Hawala, (h) Sarafi-yi Haji Khairullah Haji Satar Haji Esmatullah),** daoine agus eintiteas atá luaite san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/2137 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2138 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí ar gnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin.

Ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1988 (2011), lena bhforchuirtear bearta sriantacha i ndáil le daoine aonair agus eintitis a ainmníodh, roimh dháta glactha an Rúin sin, mar chomhaltaí den Talaban, agus daoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis eile a bhfuil baint acu leo, mar a shonraítear i roinn A ('Daoine aonair a bhfuil baint acu leis an Talaban') agus i roinn B ('eintitis agus grúpaí agus gnóthais eile a bhfuil baint acu leis an Talaban') de Liosta Comhdhlúite an Choiste a bunaíodh de bhun Rúin 1267 (1999) agus 1333 (2000), chomh maith le daoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis eile a bhfuil baint acu leis an Talaban.

An 10 Márta 2026, an 13 Aibreán 2026, an 15 Aibreán 2026 agus an 28 Aibreán 2026, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), arna bhunú de bhun Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le 24 dhuine agus eintiteas amháin atá faoi réir bearta sriantacha a thabhairt cothrom le dáta. Tá na hiontrálacha nuashonraithe i liosta na Náisiún Aontaithe ar fáil ag:

22 Ainm ar a Liosta Smachtbhannaí leasaithe ag Coiste Smachtbhannaí na Comhairle Slándála Bunaithe de bhun Rún 1988 (2011) | Clúdach Cruinnithe na Náisiún Aontaithe agus Preaseisiúintí

Ceithre Ainm ar a Liosta Smachtbhannaí leasaithe ag Coiste Smachtbhannaí na Comhairle Slándála Bunaithe de bhun Rún 1988 (2011) | Clúdach Cruinnithe na Náisiún Aontaithe agus Preaseisiúintí

([1]) IO L 199, 2.8.2011, lch. 57, http://data.europa.eu/eli/dec/2011/486/oj.
([2]) IO L, 2026/2137, 23.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2137/oj.
([3]) IO L 199, 2.8.2011, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2011/753/oj.
([4]) IO L, 2026/2138, 23.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2138/oj.

Trí Iontráil ar a Liosta Smachtbhannaí leasaithe ag Coiste Smachtbhannaí na Comhairle Slándála Bunaithe de bhun Rún 1988 (2011) | Clúdach Cruinnithe na Náisiún Aontaithe agus Preaseisiúintí

17 Ainm ar a Liosta Smachtbhannaí leasaithe ag Coiste Smachtbhannaí na Comhairle Slándála Bunaithe de bhun Rún 1988 (2011) | Clúdach Cruinnithe na Náisiún Aontaithe agus Preaseisiúintí

Féadfaidh na daoine agus eintitis lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun mhír 30 de Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
New York, N.Y. 10017
United States of America
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 212 963 1300
R-phost: delisting@un.org

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://main.un.org/securitycouncil/en/sanctions/1988

Ag eascairt as an gcinneadh ó na Náisiúin Aontaithe, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis an eintiteas thuasluaite atá i liostaí na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach, mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011, a thabhairt cothrom le dáta.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 5 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír,den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.